

# Polasaithe Naíonra Céimeanna Beaga

## Polasaí 15: Comhionannas agus Éagsúlacht / Equality and Diversity



Gleann Aibhne,  
Br. An Ghoirt,  
Inis,  
Co. an Chláir.

Stiúrthóir: Katie Uí Chaoimh, Fón: (086) 2114881

r-phost: [naionragmc@gmail.com](mailto:naionragmc@gmail.com)

Suíomh gréasáin: [www.gmci.ie/naionra](http://www.gmci.ie/naionra)

Version	1.0
Date	Nov 2018
Policy Number	Policy Number 15
Owner	Naíonra Céimeanna Beaga
Validity and document management	<p>This document is valid from Nov 1 2018.</p> <p>The owner of this document is the Owner / Manager, who must check and, if necessary, update the document at least once a year.</p> <p>This policy was adopted by Naíonra Céimeanna Beaga on 1 Nov 2018.</p> <p>Signed by: <i>Katie Uí Chaoimh;</i> Príomh Stiúthóir on behalf of Naíonra Céimeanna Beaga</p>

## Comhionannas agus Éagsúlacht

### De réir an Coinbhinsiún NA um Chearta an Linbh (1991)

*“It is the State’s obligation to protect children from any form of discrimination and to take positive action to promote their rights”. [Tá sé d’oibligeáid an Stáit páistí a chosaint ó aon sórt leithcheala agus gníomh dearfach a ghlacadh chun a gcuid cearta a chosaint]*

Is gné bunúsach dár gcuraclam é comhionannas deiseanna foghlamtha do gach páiste. Ciallaíonn comhionannas go bhfuil iontráil oscailte do gach páiste agus gach teaghlach chun páirt a ghlacadh sa chlár. Táimid tiománta chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn. Cuirimid comhionannas deiseanna chun tosaigh le raon leathan de pholsaithe agus nósanna imeachta atá léirithe i gcleachtas ár suíomh luathbhlianta.

Cuirimid comhionannas deiseanna ar fáil trína áirithiú:

- go dtuigimid nach ionann méin do gach mac agus go bhfuil a mbealaí féin ag gach duine againn le rudaí a dhéanamh. Tá spéiseanna difriúla ag gach duine agus cuireann gach duine iad féin in iúl ar bhealaí éagsúla.
- go bhfuil an fhoireann ar fad freagrach as a léiriú go soiléir go bhfuil meas acu ar na páistí go léir agus a dteaglaigh in ainneoin cumais, cultúir, creidimh nó tradisiúin.

- go bhfuil an fhoireann neamhleithlchealach, agus go gcreideann siad in aird agus aire cothrom a thabhairt do gach uile páiste gan aird a thabhairt ar chine, inscne, dúchas náisiúnta, sinsearachta nó riachtanais speisialta.

### **Fabhraíocht:**

Ní léiríonn an fhoireann fabhraíocht d'aon pháiste faoi leith.

Níor chóir don fhoireann fabhraíocht a thaispeáint nó eirí róghafa le haon pháiste faoi leith. Ba chóir go mbeadh na páistí inár seirbhís compordach faoi chúram aon bhaill foirne toisc go bhféadfadh go mbeadh baill na foirne difriúla ag obair le grúpaí nó páistí difriúla gach lá. D'fhéadfadh páiste mothú múisiamach nó scoite dá dtabharfadh an fhoireann buntáistí do pháiste amháin an t-am ar fad agus bhféidir go gceapadh páiste atá i gcónaí millte nó a bhaineann tairbhe as fábhraíocht nach féidir leo aon olc a dhéanamh agus go bhféadfadh siad suas ag mothú go bhfuil siad i dteideal córa fabhraí, meon a gcuirfeadh isteach ar a gcaidrimh le daoine eile amach anseo agus ar a n-iompar mar dhuine fásta.

### **Cruinnithe:**

Gairfimid cruinnithe ag amanna agus ag ionaid a chuireann ar cumas formhór na dtuismitheoirí teacht agus a chinnteofar go bhfuil rochtain chothrom ag gach duine ar eolas faoin Naíonra agus ar chaidreamh leis.

### **Rochtain:**

Tá rochtain ag gach duine sa chomhphobal ar an tseirbhís, gan aird ar chleamhnú reiligiúnach, ar chúlra polaitíochta, ar chine, ar chultúr, ar riachtanais teanga, ar mhíchumas, ar ghnéaschlaonadh nó ar aois.

### **An Curaclam:**

- Caithfear meas a léiriú ar gach páiste agus caithfear a n-aonánacht agus a n-acmhainneacht a aithint agus a chothú.
- Tabharfaidh gníomhaíochtaí agus úsáid trealaimh súgartha deiseanna do na páistí forbairt i dtimpeallach saor ó chlaontacht nó ó leithcheal
- Trí úsáid réamhghníomhach pleanála agus forbartha curaclaim tabharfar deiseanna do pháistí meas a bheith acu ar na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir iad féin agus daoine eile, agus na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí sin a iniúchadh agus a aithint.

- Tá sé tábhachtach go bhfaigheann páistí taithí ar chultúir éagsúla ag aois óg chun go dtuigfidh siad gur chuid den gnáthshaol é ilchineálacht chultúrtha.
- Iarrfaimid ar theaghligh a gcultúir, a gcreidimh agus a dtraidisiúin a roinnt leis an bhfoireann chun gur féidir linn meas a léiriú ar luachanna gach duine agus iad a cheiliúradh sa tseirbhís seo.
- Is é an sprioc atá againn ná tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do gach páiste ina dtaithí agus iad a threorú chun a luachanna féin a glacadh chucu féin. Cabhraíonn na taithí seo le bunús an leanaí a shocrú agus d'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm ar an gcineál duine a bheidh iontu agus iad fásta suas.

### **Acmhainní:**

Léireoidh na hábhair ar fad comhionannas cultúir agus cine go dearfach agus go cruinn. Cabhróidh na hábhair seo leis na páistí chun a féin-mheas a fhorbairt agus chun meas a bheith acu ar dhaoine eile trí steiréitíopaí a sheachaint. Úsáidimid réimse de leabhair, d'íomhánna, de cheol, d'amhráin agus de thaithí chun éagsúlacht a léiriú. Beidh comhionannas deiseanna ag buachaillí agus ag cailíní agus spreagfar iad go gníomhach chun úsáid a bhaint as na gníomhaíochtaí ar fad.

### **Iompar/Caint Leithchealach:**

Ní ghlacfaidh an tseirbhís seo le haon leithcheal (teanga, iompar, caint) arna dhéanamh ag páistí, ag tuismitheoirí/chaomhnóirí, nó ag ball foirne/oibrí deonach. Rachfar i ngleic leis an leithcheal go dearfach trí tacú leis an íospartach agus trí cabhrú leo siúd atá freagrach as an iompar/gcaint chun a réamhchlaontaí a thuiscint agus a shárú.

### **Féilte:**

Tá sé mar aidhm againn meas agus feasacht a léiriú maidir leis na mórimeachtaí ar fad i saol na bpáistí agus na dteaghlach sa tseirbhís agus sa tsochaí níos leithne. Tá sé mar aidhm againn aitheantas a thabhairt, gan díonteachas, do na féilte a cheiliúrann na teaghligh inár gcomhphobal agus sa tsochaí níos leithne tríd úsáid a bhaint as scéalta, gníomhaíochtaí, bia speisialta agus éadaí a léiríonn éagsúlacht an tsaoil. Tá cur chuige goilliúnach againn maidir le Lá na nAithreacha, Lá na Máithreacha srl. agus cuirtear f\*áilte roimh ionchur ó thuismitheoirí/chaomhnóirí.

### **Earcaíocht:**

Is fostóir comhdheiseanna muid- úsáidtear nós imeachta earcaíochta cothrom, neamh-chlaonta agus docht agus muid ag roghnú na mball foirne.

### **Luachanna Spioradálta, Cultúrtha, Sóisialta agus Morálta:**

Spreagtar forbairt i luachanna spioradálta, sóisialta agus cultúrtha tríd na forálacha seo a leanas:

- Cuirfear timpeallacht ina mothaíonnna páistí slán agus sabháilte ar fáil.
- Déanfar cur i bhfeidhm leanúnach de rialacha na seirbhíse.
- Foghlaimeoidh na páistí conas roinnt agus conas meas a léiriú ar mhaoin daoine eile.
- Foghlaimeoidh na páistí conas glacadh le rialacha imeartha agus cearta daoine eile.
- Ceiliúrfar féilte ó chultúrtha éagsúla.

B'fhéidir gur mhaith le Tuismitheoirí/Caomhnóití ó mhionlaigh eitneacha agus ó phobail reiligiúnacha bheith as láthair chun imeachtaí reiligiúnacha a cheiliúradh.

### **Equality and Diversity**

The UN Convention on the Rights of the Child (1991) states:

*“It is the State’s obligation to protect children from any form of discrimination and to take positive action to promote their rights”.*

Equal opportunity for all children to learn is a fundamental aspect of our curriculum. Equality means open access for every child and family to participate in the programme. We are committed to promoting equality of opportunity. We promote equal opportunities through a wide range of policies and procedures that are reflected in the practice of our early years setting.

We provide equal opportunities by ensuring that:

- We are aware that everyone’s tastes vary and each of us has a different way of doing things. We all have different interests and ways of expressing ourselves.
- All staff have a responsibility to show clearly, through their work, that they respect all children and their families regardless of ability, culture, beliefs and traditions.
- Staff are non-discriminatory, and we believe in equal attention and care for all children without regard to race, gender, national origin, ancestry or special needs. Standard.

### **Favouritism:**

Staff do not demonstrate favouritism towards any child.

Staff should not develop favouritism or become over involved with any one child. The children in our service should be comfortable in the care of any of our staff as there may be different staff working each day with groups or individual children. Children can feel resentful or isolated if staff always favour one child and a child who is always over indulged or favoured can be led to feel that he or she can do no wrong and grow up to have a feeling of entitlement which may affect future relationships and behaviour as an adult.

**Meetings:**

We will convene meetings at a time and venue that enable the majority of parents/guardians to attend and to ensure equal access to information and involvement in the Preschool.

**Access:**

Everyone in the community regardless of religious affiliation, political background, race, culture, linguistic needs, disability, sexual orientation or age, has access to the service.

**The Curriculum:**

- All children are to be respected and their individuality and potential recognised, valued and nurtured.
- Activities and the use of play equipment will offer children opportunities to develop in an environment free from prejudice and discrimination.
- Through the proactive use of planning and curriculum development opportunities will be given to children to explore, acknowledge and value similarities and differences between themselves and others.
- It is important for children to experience a variety of cultures at an early age so that they realise that cultural diversity is part of everyday life.
- We ask families to share their own cultures, religions and traditions with our staff so that all values are respected and celebrated in the service.
- It is our objective to support and encourage each child in their experience and guide them to embrace their own values and the values of others. These experiences help set the child's foundations and potentially shape the people they will become.

**Resources:**

All materials are to positively and accurately reflect cultural and racial diversity. These materials will help children to develop their self-respect and respect other people by avoiding stereotypes. We use a range of books, images, music and songs and experiences that reflect diversity. Boys and girls are to have equal opportunity, and be actively encouraged to use all activities.

**Discriminatory Behaviour/Remarks:**

Any discrimination (language, behaviour or remarks) by children, parents/guardians or staff/volunteers is unacceptable in the service. Discrimination will be positively challenged by supporting the victim and helping those responsible to understand and overcome their prejudices.

**Festivals:**

We aim to show respect for and awareness of all major events in the lives of the children and families in the service and in the wider society. Without indoctrination, we aim to acknowledge festivals celebrated by all families in our local community and in the wider society through stories, activities, special food and clothing that reflect the diversity of life. We have a sensitive approach to Father's Day, Mother's Day etc. and welcome parents/guardians contributions.

**Recruitment:**

We are an equal opportunities employer- staff are selected using a fair, non- biased and strict recruitment procedure.

**Spiritual, Cultural, Social and Moral Values**

Growth in spiritual, social and cultural values is encouraged by:

- Providing an environment where children feel safe and secure.
- The constant implementation of the services rules.
- Learning to share and respect the property of others.
- Learning to accept the rules of play and the rights of others.
- The celebration of festivals from a variety of cultures.

Parents/guardians from ethnic minorities and religious communities may wish to be absent to celebrate religious events.

